

# Obair Bhaile Gaeilge



## Leabhar 18

Ainm \_\_\_\_\_ Rang \_\_\_\_\_


Gaelscoil Uí Néill



## Obair Bhaile 1

### An Bhóin Dé

Beireann an bhóin Dé a huibheacha ar phlanda atá clúdaithe le cuileoga glasa. Briseann na huibheacha agus tagann na larbhaí amach. Tá 6 cos ag gach ceann de na bóiní Dé óga ach níl eiteoga acu go fóill, tá siad cosúil le boilb bheaga. Itheann siad na cuileoga glasa. Itheann siad agus itheann siad go dtí go mbriseann siad tríd an chraiceann s'acu. Tá siad liathghorm faoin am seo agus tosaíonn siad ag ithe arís.



Nuair atá go leor ite acu, tosaíonn said ar an chéad chéim eile i bhforbairt s'acu, is é sin, an chrisilid, an chéim ina n-athraíonn siad ina mbóiní Dé. Crochann siad bunoscionn i gcócún ar dhuilleog agus, seachtain ina dhiaidh, briseann siad amach, is bóiní Dé lánfhásta iad anois. Eitlíonn siad leo chun bia a fháil, tá ocras orthu mar níor ith siad ar feadh seachtaine anuas.

Caithfidh an bhóin Dé bheith cúramach mar go bhfuil cuid mhór ainmhithe agus éin ann a ba mhaith leo iad a ithe. Thig le bóin Dé í féin a chosaint, áfach, trí leacht bhuí a scaoileadh i súile a chreachadóirí, rud a chuireann isteach orthu go mór.

Tagann an fómhar agus faigheann an bóin Dé scoilt i gcrann. Téann sí isteach ansin agus titeann sí a chodladh. Ní mhúsclóidh sí go dtí go dtagann an t-earrach.

### Ceisteanna

1. Cá háit a mbeireann an bhóin Dé a huibheacha?
2. Cá mhéad cos atá ag bóin Dé?
3. Cad é a itheann bóiní Dé?
4. Cá fhad a bhíonn an bhóin Dé ina chrisilid sa chocún?
5. Cad é a dhéanann an bhóin Dé má dhéanann ainmhí nó éan ionsaí uirthi?
6. Cad é a dhéanann an bhóin Dé san fómhar?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Bíonn an bhóin Dé cosúil le blob beag agus í óg.*

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

*Beireann an bhóin Dé a huibheacha ar phlanda*

## Obair Bhaile 2

### Dineasáir Mhóra Throma

Ba é an dioplodócus an dineasár is faide riamh. Lena ruball agus muineál fada, bhí an dioplodócus thart fá 28 méadar ar fad. Bhí sé chomh fada le trí bhus taobh lena chéile. Ba luibhiteoir an dioplodócus, níor ith sé ach plandaí, agus bhí cloigeann bheag bhídeach aige. Síleann eolaithe go gcaithfidh gur chaith sé an lá ar fad ag ithe chun fuinneamh a thabhairt dá chorp ollmhór.

Ba é fathach na ndineasár uilig an brachiosaurus. Ní raibh an dineasár seo chomh fada leis an dioplodócus ach bhí sé ar an ainmí is troime a bhí riamh beo. Mheáigh sé thart fá 79 tonna. Sin meáchan 3000 páistí uilig le chéile! Bhí an brachiosaurus chomh trom sin go raibh sé iontach deacair dó siúl ar an talamh agus, mar sin, chaith sé an chuid is mó dá chuid ama san uisce. Bhí sé ábalta a cheann a choinneáil os cionn an uisce. Dá mbeadh an brachiosaurus beo inniu bheadh sé chomh hard le teach trí urlár!



### Ceisteanna

1. Ainmnigh an dineasár is faide riamh.
2. Cad é an fad den dioplodócus?
3. Cad é a d'ith an dioplodócus?
4. Ainmnigh an dineasár is troime riamh.
5. Cár chaith an brachiosaurus an chuid is mó dá chuid ama?
6. An raibh an brachiosaurus níos mó ná gnáth-theach?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Bhí cuid de na dineasáir iontach trum.*



8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

*Chaith an dioplodócus cuid mhór ama ag ithe*

### Obair Bhaile 3

#### Fuaim sa Spéir

“Cad é sin a chluinim  
An fhuaim sa spéir?”  
“Sin bád, bímis cúramach.”  
Arsa na héisc go léir.  
“Ná bígí amaideach”  
ara iasc amháin.  
“Ní bád é sin  
Ach eitleán  
Lean an argóint  
Eatarthu gan stad  
Iasc amháin ag rá eitleán.  
Iasc eile ag rá bád.  
Ach fad is a lean,  
An díospóireacht faoin scéal.  
D’eitil iolar anuas.  
Agus líon sé a bhéal.”



#### Ceisteanna

1. Cén dá ainmhí atá ag caint le chéile sa dán seo?
2. Cad é a shíl an chéad iasc a bhí os cionn an uisce?
3. Cad é a shíl an dara hiasc a bhí os cionn an uisce?
4. Cad é a bhí os cionn an uisce, i bhfírinne?
5. Cad é a tharla do na héisc?
6. Cén sórt focail é *iasc*?

ainmfhocal      aidiacht      briathar      réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*D’eitilt iolar anuas agus líon sé a bhéal.*

8. Tá meancóg foncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg foncaíochta.

*Cad é an fhuaim sin a chluinim.*


## Obair Bhaile 4

### Nead an Éin

Is mór an meas atá agam féin  
Ar an rud beag deas sin, nead an éin  
Bonn sí déanta seascair cruinn  
Le gob an éin atá milis binn.

I dtom, i míodún nó i gcrann  
Sin an áit a mbíonn nead ann.  
Ina mbun a bhíonn suipéir féir  
Bíonn sí tirim, te go léir.

Éist an t-éan ag ceol go binn  
Le glór lán séimh, suilt is grinn  
Níl rud is fearr le fir 's mná  
Ná seinm an éin gach uile lá.



### Ceisteanna

1. Cén sórt ainmhí a dhéanann nead?
2. Ainmnigh trí áit a ndéantar nead.
3. Cad é a bhíonn i mbun na neide?
4. Cén sórt glóir atá ag an éan?
5. Cé a bhaineann sult as seinm an éin?
6. Cén sórt focail é *nead*?

ainmfhocal      aidiacht      briathar      réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Rinne an t-éan nead a bhí deas té.*

8. Tá meancóg foncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg foncaíochta.

*Bíonn an téan ag seinm go binn gach uile lá.*

## Obair Bhaile 5

### An Préachán

Tá aithne ag gach duine ar an phréachán. Níl ceol binn aige mar atá ag an dreoilín, an spideog nó an smólach. Ní bhíonn sé mar pheata ag daoine faoi mar a bhíonn an phearóid, an phearaicít nó an canáraí. Ach mar sin féin, is éan deas é.

Is éan mór é an préachán. Bíonn cóta dubh lonrach air. Faoin chóta sin, bíonn an craiceann chomh bán le sneachta. Bíonn gob láidir air agus cosa láidre faoi.

Déanann an préachán a nead i mí an Mhárta. Ar chrann ard a dhéanann sé í. Is minic a thagann sé ar ais go dtí an nead chéanna achan bhliain. De chipíní agus de chré a bhíonn an nead déanta agus bíonn olann, fionnadh agus clúmh inti chun í a dhéanamh te agus compordach.

Is minic a bhíonn troid idir na préacháin nuair a bhíonn siad ag déanamh na nead. Goideann siad cipíní agus rudaí eile óna chéile. Má thugann an préachán faoi deara gur goideadh rud ar bith uaidh, tosaíonn sé ag béicigh agus ag screadaíl. Ansin, má bhíonn an seans aige, goideann sé ar ais é.

Nuair a bhíonn an nead déanta, beireann an chearc a ceathair nó a cúig d'uibheacha. Fanann sí ar gor orthu go dtí go dtagann na éin óga amach.

Bíonn áthas mór ar an dá sheanphréachán nuair a thagann na héiníní óga as na huibheacha. Caitheann siad an lá ar fad ag bailiú bia dóibh. Obair chrua atá ann mar bíonn ocras mór orthu. Cuiteoga agus ciaróga is mó a itheann siad. Muna mbíonn go leor díobh sin le fáil, goideann na seanphréacháin síolta agus prátaí beaga as an talamh.

Bíonn an feirmeoir crosta leo mar gheall air sin. Ach ní ceart don fheirmeoir dearmad a dhéanamh ar na mionbheithigh a itheann na préacháin. Dhéanfadh siad siúd i bhfad níos mó damáiste do bharr an fheirmeora ná mar a dhéanfadh an préachán bocht.



### Ceisteanna

1. Cén dath atá ar an phréachán?
2. Ainmnigh dhá ábhar a úsáideann an préachán le nead a dhéanamh.
3. Cad é a ghoideann na préacháin óna chéile ?
4. Cad é a itheann na héiníní óga?
5. Cad chuige ar chóir don fheirmeoir buíochas a ghabháil leis an phréachán?
6. Cén dóigh a gcuidíonn an préachán leis an fheirmeoir?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Déanann an préachán a nead i mí an Mhárta.*

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

*Is éan mór é an Préachán.*

## Obair Bhaile 6


### Cuimhne

Bíonn cuimhne agat ar a lán rudaí. D'fhoghlaim tú an aibítir agus cuid mhór scéalta agus amhráin. Tá a fhios agat ainmneacha do chairde agus cá bhfuil siad ina gcónaí. Cuimhníonn tú an dóigh le cluichí difriúla a imirt agus is dócha gur cuimhin leat na bronntanais a fuair tú ar do bhreithlá anuraidh.

Tá na cuimhneacháin seo, agus cuid eile a bhfuil dearmad déanta agat orthu, stóráilte istigh i d'inchinn. Tógann do shúile agus do chluasa eolas agus cuireann siad é chuig an inchinn. Tá na milliúin milliúin cealla san inchinn agus fanann an t-eolas sna cealla seo go dtí go bhfuil siad de dhíth ort.

Déanaimid dearmad ar chuid mhór rudaí i ndiaidh cúpla bomaite. Má léann tú scéal uair amháin, ní bheidh cuimhne agat ar mhórán de. Ach má leann tú scéal arís agus arís eile, beidh cuimhne mhaith agat air. Dá mba mhaith leat rud a chuimhneamh, caithfidh tú staidéar a dhéanamh air fá choinne tamaill fhada.

Bíonn an inchinn i gcónaí réidh chun rudaí nua a fhoghlaim. Cad iad na rudaí nua a d'fhoghlaim tú inniu?



### Ceisteanna

1. Ar fhoghlaim tú an aibítir?
2. Scríobh síos ainm do charad is fearr.
3. Ainmnigh bronntanas is cuimhin leat a fuair tú do do bhreithlá nó don Nollaig.
4. Cá háit a stóráiltear do chuimhneacháin?
5. An bhfuil a lán cealla san inchinn?
6. Cad é a chaithfidh tú a dhéanamh dá mba mhaith leat rud a chuimhneamh?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Déanann tú dearmad ar chuid mhór rudaí inné tamaill.*

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

*Cad iad na rudaí nua a d'fhoghlaim tú inniu?*



## Obair Bhaile 7

### An Banphrionsa agus na Piseanna

Bhí prionsa ann lá den tsaol a raibh fonn air banphrionsa a phósadh, ach caithfidh banphrionsa fíor a bheith inti. Chuardaigh sé i bhfad agus i gcéin ach, faraor, níor tháinig sé ar banphrionsa ar bith.

Lá fliuch gaofar, chuala sé cnag ar dhoras an chaisleáin. Ina seasamh, taobh amuigh, a bhí banphrionsa a bhí iontach iontach fliuch. Dúirt sí leo gur banphrionsa fíor a bhí inti.

“Beidh le feiceáil,” arsa an bhanríon léi féin.

Rinne an bhanríon leaba dheas don bhanphrionsa agus ar an leaba chuir sí trí piseanna beaga. Ar bharr na piseanna a chuir sí fiche tocht.

An mhaidin dár gcionn chuir an bhanríon ceist ar an bhanphrionsa.

“Ar chodail tú go maith aréir?” ar sise.

“Ó, níor chodail,” arsa an bhanphrionsa. “Níl a fhios agam cad é a bhí i mo leaba ach ní bhfuair mé néal codlata, ní raibh sé compordach ar chor ar bith.”

Ghlac an bhanríon leis gur banphrionsa fíor a bhí sa chailín as siocair nach raibh an leaba compordach go leor di. Mar sin, phós an prionsa an banphrionsa fíor.



### Ceisteanna

1. Cad é a bhí á iarraidh ar bhanphrionsa?
2. Cén sórt aimsire a bhí ann nuair a tháinig an banphrionsa chuig an chaisleán?
3. Cad é a chuir an bhanríon faoi leaba an bhanphrionsa?
4. Cá mhéad tocht a chuir sí ar an leaba?
5. Ar chodail an banphrionsa go maith an oíche sin?
6. Ar phós an prionsa agus an banphrionsa?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Ní raibh ithe mhaith chodlata ag an bhanphrionsa.*

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

*“Ar chodail tú go maith aréir? arsa an bhanríon.*

## Obair Bhaile 8

### Leath-Bhreithlá

Titeann do leath-bhreithlá ar an lá atá leath bealaí idir do bhreithlá deireanach agus do chéad bhreithlá eile. Ar do leath-bhreithlá, bíonn tú 7½, 8½ nó 10½ nó cibé.

Seo an dóigh le do leath-bhreithlá a oibriú amach. Smaoinigh ar an dáta agus an mhí de do bhreithlá. Cuntais 6 mhí ar aghaidh (leath-bhlíain) ón mhí ina bhfuil do bhreithlá. Beidh an dáta mar an gcéanna ach beidh mí nua ann.

Má tá do bhreithlá ann ar an 16<sup>ú</sup> lá de Mhí na Bealtaine, ansin beidh do leath-bhreithlá ar an 16<sup>ú</sup> de Mhí na Samhna. Má thiteann do bhreithlá ar an 22<sup>ú</sup> Lúnasa, beidh do leath-bhreithlá ar an 22<sup>ú</sup> Feabhra.

Ar do leath-bhreithlá, beidh a fhios agat go bhfuil tú ½ bhliain níos sine. Abair le do mhamaí nó le do dhaidí agus seans go bhfaighidh tú bronntanais ar an lá sin chomh maith!



### Ceisteanna

1. Cá huair a thiteann lá breithe s'agatsa?
2. Cad é sé mhí i ndiaidh do bhreithlá?
3. Cá huair a thiteann leath-bhreithlá s'agatsa?
4. Cá huair a bhíonn leath-bhreithlá dhuine ann má tá breithlá s'acu ar an 25ú Nollaig?
5. An bhfaighidh tú bronntanais ar do leath-bhreithlá?
6. Cén sórt focail é *titeann*?

ainmfhocal      aidiacht      briathar      réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Tá mé ní mbliana d'aois inniu.*

8. Tá meancóg foncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg foncaíochta.

*Tá mo leathbhreithlá ann inniu.*

## Obair Bhaile 9

### Instealladh

Bíonn sé nimhneach nuair a thugann dochtúir instealladh duit. Ach is maith is fiú é instealladh a fháil.

Téann fuil thart ar do chorp trí pháobáin sa chorp darb ainm féitheacha agus artairí. Tá an fuil dearg ach bíonn rudaí beaga istigh inti darb ainm cealla. Tá cuid de na cealla seo dearg agus cuid eile bán. Iompraíonn na cealla dearga ocsaigin thart ar an chorp, rud a choinníonn muid beo. Ach tá na cealla bána iontach tábhachtach fosta.

Tá na cealla bána cosúil le saighdiúirí a dhéanann troid in éadan tinneas a thagann isteach sa chorp. Nuair a fhaigheann tú instealladh, tá an dochtúir ag cur tinneas beag isteach sa chorp. Is ansin a mhúsclaíonn na saighdiúirí (na cealla bána) chun troid a dhéanamh leis an tinneas. Bainfidh siad an troid mar ní raibh san instealladh ach braon beag den tinneas. Ach déanann an troid seo na saighdiúirí (cealla bána) níos láidre agus, má thagann an tinneas céanna ar ais, beidh siad ábalta an troid sin a bhaint fosta. Sin an dóigh a gcuidíonn instealladh linn bheith folláin.



### Ceisteanna

1. An ngortaíonn instealladh thú?
2. Cad é an dath atá ar fuil?
3. Cén dath atá ar na cealla a iompraíonn ocsaigin san fuil?
4. Cad é an dath atá ar na cealla san fuil a oibríonn mar shaighdiúirí a dhéanann troid le tinneas ar bith a thagann isteach sa chorp?
5. Ainmnigh na páobáin sa chorp a dtéann an fuil tríothu.
6. Cén sórt focail é *dearg*?

ainmfhocal      aidiacht      briathar      réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Iompraíonn na cealla dearga ocsaigin hart ar an chorp.*

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

*Motháim tinn inniu,” arsa Liam.*

## Obair Bhaile 10

### Macalla

“Hello!” (hello) “DIA DUIT!” (dia duit). Ar scairt tú amach riamh agus tháinig do ghuth ar ais chugat?

Nuair a labhraíonn tú, téann tonnta dofheicthe fuaime ó do bhéal agus téann siad tríd an aer. Bíonn a fhios ag daoine cad é a dúirt tú nuair a théann na tonnta seo isteach ina gcluasa.

Má labhraíonn tú go hard nuair atá tú in aice le sliabh nó balla ard, preabann na tonnta ar ais agus téann siad isteach i gcluasa s’agatsa. Is ansin a chluineann tú an rud a dúirt tú mar mhacalla. In amanna, cluineann tú an rud a dúirt tú cuid mhór uaireanta mar a phreabann an fhuaim de chuid mhór áiteanna.

Bain triail as. Seas thart fá 10 méadar ó bhalla ard, labhair go hard agus éist leis an mhacalla. Tá na tonnta fuaime ag preabadh ar ais chugat! Sin an dóigh le macalla a chloisteáil.



### Ceisteanna

1. Ar scairt tú amach riamh agus tháinig do ghuth ar ais chugat?
2. Cad é a théann ó do bhéal nuair a labhraíonn tú?
3. Cad é a tharlaíonn do na tonnta nuair atá tú a caint agus tú cóngarach do shliabh nó balla ard?
4. Cad é a chluineann tú nuair a phreabann na tonnta de na ballaí?
5. Cá fhad a chaithfidh tú seasamh siar ó bhalla chun macalla a dhéanamh?
6. Cén sórt focail é *ard*?

ainmfhocal      aidiacht      briathar      réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Chula mé macalla den rud a dúirt mé.*

8. Tá meancóg foncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg foncaíochta.


*Ar chuala tú an macalla sin.*

## Obair Bhaile 11

### Caoirigh

Is ainmhithe inmíocha, neirbhíseacha iad caoirigh a chónaíonn le chéile i dtréada. De ghnáth, déanann siad achan rud ag an am céanna, ag ithe le chéile agus ag codladh ag an am céanna.

Tá a lán cineálacha difriúla de chaoirigh ann. Cónaíonn roinnt acu ar fheirmeacha. Úsáideann an feirmeoir madadh chun na caoirigh a choinneáil le chéile agus chun iad a bhogadh ó áit go háit.



Nuair a deir tú an focal *caora* tá tú ag caint ar an mhamáí. Tugtar reithe ar an daidí agus tugaimid uan ar na caoirigh óga. Beirtear uain san earrach agus i ndiaidh trí seachtaine nó mar sin, feicimid iad agus súgradh agus ag léim sna páirceanna.

Nuair a éiríonn an aimsir te, lomann an feirmeoir na caoirigh, is é sin go ngearrann sé an ollann díobh. Déanaimid a lán éadaí le holann; cótaí, scairfeanna agus miotóga mar shampla. Coinníonn ollann te muid. Déanaimid rugaí agus slipéirí le holann fosta.

### Ceisteanna

1. Cén sórt rudaí a dhéanann caoirigh ag an am céanna?
2. Cá háit a gcónaíonn roinnt caoirigh?
3. Cén dóigh a gcuidíonn madaí le feirmeoirí?
4. Cad é a thugtar ar chaoirigh óga?
5. Cá huair a bheirtear uain?
6. Ainmnigh ball éadaigh a thig a dhéanamh le holann?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Tugann an chaora óllann dúinn.*

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

*coinníonn ollann te muid.*

## Obair Bhaile 12

### Sraoth

Nuair a chuireann rud éigin taobh istigh i do shrón, nó nuair a théann dusta ann, ligeann tú sraoth le fáil réitithe de. Tá cuid mhór ribí beaga gruaige istigh i do shrón. Glanann an ghruaig seo an t-aer a análaíonn tú isteach sna scamhóga. Beireann an ghruaig seo ar an dusta agus rudaí beaga eile a bhíonn san aer.

In amanna, ciglín an dusta seo an taobh istigh de do shrón. Nuair a tharlaíonn sin coimhead amach, beidh – ortsa – sraoth – a – ligean – a – a - aitsiúúú!

Ligeann tú sraoth nuair a bhíonn slaghdán nó fiabhras léana (pailin ag dul suas an tsrón) ort. Éiríonn an taobh istigh den tsrón ata agus ramhar ansin.

Glanann sraotha an taobh istigh den tsrón agus mothaíonn tú giota beag níos fearr. Ach tagann dusta agus frídíní amach as do shrón agus do bhéal nuair a ligeann tú sraoth. Sin an fáth a ba cheart duit do shrón agus do bhéal a chlúdach le ciarsúr nó do lámh nuair a ligeann tú sraoth.



### Ceisteanna

1. Cad é a tharlaíonn nuair a théann dusta suas do shrón?
2. Cad é atá taobh istigh i do shrón?
3. Cad é a dhéanann na ribí i do shrón?
4. Cad é a tharlaíonn nuair a chiglín dusta an taobh istigh den tsrón?
5. Cad é a ba cheart duit a dhéanamh nuair a ligeann tú sraoth?
6. Cad é a tharlaíonn do do shrón nuair a bhíonn slaghdán nó fiabhras léana ort?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Ba chóir duit do shorn a chlúdach le ciarsúr nuair a ligeann tú sraoth.*

8. Tá meancóg foncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg foncaíochta.

*Tá cuid mhór Ribí beaga gruaige i do shrón.*

## Obair Bhaile 13


### An Damhán Alla is an Mhíoltóg

'Sé dúirt damhán alla le míoltóg lá:  
 "Ó! Tar liom abhaile a chréatúirín bhreá:  
 Tá grian gheal an tsamhraidh ag damhsa ar mo theach,  
 Tá ithe agus ól ann – nach dtiocfaidh tú isteach?"

Dúirt an créatúr míchéillí ag amharc isteach:  
 "Is tú croí na féile, is breá é do theach:  
 Ach deirtear go mbíonn tú ag ithe is ag ól  
 Míoltógíní mar mise, idir fhuil agus fheoil."

Dúirt an damhán alla – is é a bhí glic,  
 "Is bréag mhór, dar m'anam, an scéal sin, a mhic;  
 Tá caoireoil, tá mairteoil, tá bainne anseo,  
 Is an té a bheadh marbh, dhéanfaí iad beo."

Bhí an créatúirín meallta le comhrá mar sin,  
 Dúirt sé, "tá mé sásta, mar tá tú chomh binn,  
 Ach ní fhanfaidh mé fada." Chuaigh sé isteach  
 Ach níor chuala mó go fóill ar tháinig sé amach.



### Ceisteanna

1. Cén dá mhionbheithíoch atá sa dán seo?
2. Cad é a ba mhaith leis an damhán alla a dhéanamh leis mhíoltóg?
3. Cén sórt aimsire atá ann?
4. An ndeachaigh an mhíoltóg isteach i dtéad an damháin alla?
5. Cad é a tharla don mhíoltóg?
6. Cén sórt focail é *glic*?

ainmfhocal      aidiacht      briathar      réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Tá ocht gcós ag an damhán eile.*

8. Tá meancóg foncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg foncaíochta.

*Nach dtiocfaidh tú isteach i mo theach beag deas.*

## Obair Bhaile 14

### Dusta


Bíonn dusta i gcónaí san aer, fiú nuair atá an chuma ar an aer go bhfuil sé glan. Má shoilsíonn tú tóirse láidir i seomra dorcha, feicfidh tú dusta ar snámh san aer. In amanna, luíonn an dusta ar an troscán sa teach, tá sé cosúil le púdar mín liath.

Déantar dusta de phíosáí beaga de chréafóg thirim nó rudaí eile a bhriseann ar shiúl ón áit a raibh siad. Éiríonn an dusta san aer nuair a thiomnaíonn carr síos bóthar nó nuair a ritheann páiste trí páirc, mar gheall ar an chrith agus ar na gluaiseachtaí san aer.

Tagann luaith agus dusta ó na tinteáin, tríd na simléir. Téann cuid mhór dusta suas san aer nuair a bhriseann bolcán amach. Téann an dusta seo ar fud an domhain.

Faighimid dusta adhmaid ó shiopa an tsiúinéara, déanann do mhúinteoir dusta nuair a scríobhann sé/sí ar an chlár dubh. Tagann cuid den dusta ón spás fiú amháin.

Ach tagann an chuid is mó de dhusta ó dhaoine, ón chraiceann s'acu. Is craiceann marbh ó dhaoine an chuid is mó den dusta atá ina luí thart sa teach s'agat!



### Ceisteanna

1. An mbíonn dusta i gcónaí san aer?
2. Cad é a fheicfidh tú má shoilsíonn tú tóirse láidir i seomra dorcha?
3. Ainmnigh áit amháin óna dtagann dusta.
4. Cad é a tharlaíonn don dusta a thagann ó bhriseadh bolcáin?
5. Cárb as a dtagann dusta adhmaid?
6. Cá bhfaighimid an chuid is mó de dhusta?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Tá cuid mhór dusta san air.*

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

*Tagann an chuid is mó de dhusta ón chraiceann sagainne.*



## Obair Bhaile 15

### An Préachán agus an Cháis

Mar is eol duit, b'fhéidir, níl guth binn ag an phréachán. Ní bhíonn de phort aige ach "Cá! Cá!"

Lá amháin, nuair a bhí an préachán ar lorg bia, fuair sé píosa deas cáise. Thóg sé an cháis ina ghob agus d'eitil sé in airde ar chrann ard.


"Íosfaidh mé an cháis seo ar mo shuaimhneas," ar seisean leis féin.

Ach chonaic an madadh rua glic é, agus ba mhaith leis an cháis a fháil. Shiúil sé anonn agus sheas sé ag bun an chrainn. Thosaigh sé ag moladh an phréacháin.

"Is álainn an t-éan tú," ar seisean. "Is maith liom an cóta breá lonrach atá ort. Is maith liom an gob láidir atá ort. Ach is aoibhinn liom an guth binn atá agat. Níl guth chomh binn leis ag éan ar bith sa domhan."

Tháinig bród ar an phréachán nuair a chuala sé an chaint sin. D'oscail sé a bhéal agus dúirt, "Cá! Cá!" Ach, agus sin á dhéanamh aige, thit an cháis agus rug an madadh rua uirthi, agus as go brách leis.

Ní raibh bród ar an phréachán bocht ansin.



### Ceisteanna

1. Cén t-amhrán atá ag an phréachán?
2. Cad chuige ar eitil sé go crann ard?
3. Ca chuige ar mhol an madadh rua guth an phréacháin?
4. Cad é a tharla nuair a thosaigh an préachán ar a cheol?
5. Cad é mar a mhothaigh an préachán ag an deireadh?
6. Cén sórt focail é *préachán*?

ainmfhocal      aidiacht      briathar      réamhfhocal


7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Ba mhaith liom píosa cáise a oíche.*

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.


*"Is álainn an t-éan tú" arsa an madadh rua.*

## Obair Bhaile 16




### An t-Earrach

Léimeann na huain le háthas  
Ar na páirceanna cois trá,  
Léimeann mo chroí le gliondar  
Go bhfuil sé ina lá.



Tagann an ghaoth ón mhuir  
Is é ag siosarnach dom  
Faoi thíortha i bhfad i gcéin  
A mbánta is a sléibhte lom.



Tá suan an gheimhridh thart:  
Nach aoibhinn dúinn a bheith beo?  
An t-earrach linn  
An samhradh romhainn,  
Is an ghile a ghabhann leo.

### Ceisteanna

1. Cad é an séasúr atá ann sa dán seo?
2. Ainmigh ainmí amháin atá luaite sa dán seo?
3. Cárb as a dtagann an ghaoth?
4. Cad é an séasúr a thagann i ndiaidh an tséasúir seo?
5. An maith leis an fhile an t-earrach?
6. Cén sórt focail é *gaoth*?

ainmfhocal      aidiacht      briathar      réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Léimeann na huain le háthas.*

8. Tá meancóg foncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg foncaíochta.

*Nach aoibhinn dúinn a bheith beo.*

## Obair Bhaile 17

### An Ghé a Rug na hUibheacha Óir


Bhí gé ag seanbhean agus ag seanfhear. Gé speisialta amach is amach a bhí ann. Gach lá, rug sé ubh óir.

Dhíol na seandaoine na huibheacha agus fuair siad a lán airgid. Ach, dá mhéad airgid a fuair siad, is amhlaidh is mó a bhí de dhíth orthu.

Ar siadsan, “Má bheireann gé s’againne uibheacha óir, caithfidh sé go bhfuil sí déanta d’ór istigh. Gearrfaidh muid í oscailte agus gheobhaimid an t-ór uilig ag aon am amháin.”

Mharaigh siad an ghé ach ór ní bhfuair siad. Nuair a ghearr siad suas í, chonaic siad go raibh sí cosúil le gé ar bith eile ar an taobh istigh.

Ar ndóigh, ní bhfuair siad uibheacha óir ar bith ina dhiaidh sin. Sa deireadh, fágadh iad le faic!



### Ceisteanna

1. Cad é a bhí ag seanbhean agus seanfhear?
2. Cad é a bhí speisialta faoin éan seo?
3. Cad é a rinn na seandaoine leis na huibheacha?
4. Cad chuige ar mharaigh siad an ghé?
5. An bhfuair siad an rud a bhí de dhíth orthu?
6. Cad é mar a fágadh an seanfhear agus an tseanbhean?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Mharaigh siad an ghé ach ór ní fuair siad.*

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

*“Gearrfaidh muid í oscailte agus gheobhaidh muid an t-ór uilig, arsa an seanfhear.*


## Obair Bhaile 18

### An Chéad Ríomhaire

Breis agus 150 bliain ó shin, thosaigh matamaiticeoir Sasanach darbh ainm Charles Babbage ag obair ar an chéad ríomhaire a dhéanamh. Thug sé 'An t-Inneall Anailticiúil' air. Ach ní raibh sé ábalta é a chríochnú. Níor cruthaíodh cuid de na rudaí a bheadh de dhíth air chun é a chríochnú go fóill.

Le blianta ina dhiaidh sin, rinne eolaithe staidéar ar phleananna Charles Babbage. Ansin, go luath sna 1940í, thóg fear darbh ainm Howard Aiken an chéad ríomhaire leictreach. Bhí an t-ainm Marc I air ach tugadh an leasainm 'Brionglóid Babbage' air. Bhí Marc I mór agus callánach. Bhí sé 13.7 méadar ar fad agus 2.4 méadar in airde. Bhí milliún píosaí difriúla istigh ann. Ní raibh sé ábalta ach dhá shuim a dhéanamh in aghaidh soicinde.

Tá ríomhairí an lae inniu i bhfad níos lú, i bhfad níos ciúine agus i bhfad níos cumhachtaí. Tá siad i bhfad níos gasta fosta. Tá cuid acu ábalta breis agus milliún fadhbanna mata a dhéanamh in aon soicind amháin. Is féidir cluichí a imirt, pictiúir a tharraingt nó obair scoile a dhéanamh ar ríomhairí.



### Ceisteanna

1. Cé a thosaigh ag obair ar ríomhaire a dhéanamh den chéad uair?
2. Cé a rinne an chéad ríomhaire?
3. Cad é an t-ainm a bhí ar an chéad ríomhaire?
4. Cad é an leas-ainm a bhí ar an chéad ríomhaire?
5. Cá mhéad píosaí a bhí sa chéad ríomhaire a rinneadh?
6. Ainmnigh rud amháin ar féidir a dhéanamh ar ríomhairí an lae inniu.
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.


*Rinn mé m'obair bhaile ar an ríomhaire.*

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

*Ba é howard Aiken a rinne an chéad ríomhaire.*

## Obair Bhaile 19

### Naomh Pádraig



Sa Bhreatain a rugadh Naomh Pádraig  
An tAspal is mó denár dtír  
Tugadh anseo é mar sclábhaí  
Agus é a bhí brónach go fíor  
Chuir Míolchú a thabhairt aire do mhuca  
Ar shliabh Mis a bhí ard agus fuar  
Is chaith sé bliana go huaigneach  
Faoi bhrón is faoi ghruaim monuar!  
Ach níor chaill sé a dhóchas i nDia  
Is ghuigh sé chuige oíche 's lá  
Sa deireadh tháinig aingeal i mbrionglóid  
A d'inis dó faoi long ar trá.

### Ceisteanna

1. Cár rugadh Naomh Pádraig?
2. Cad chuige ar tugadh go hÉirinn é?
3. Ainmigh ainmí amháin ar thug sé aire dóibh.
4. An raibh Pádraig sásta mar sclábhaí?
5. Cé a d'inis do Phádraig faoin long ar an trá?
6. Cén sórt focail é *fuar*?

ainmfhocal      aidiacht      briathar      réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Tugadh Pádraig go hÉirinn mar sclabaí.*

8. Tá meancóg foncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg foncaíochta.

*Dinis aingeal do Phádraig faoi long ar an trá.*

## Obair Bhaile 20

### An Spéir

Síleann a lán daoine gur blaincéad mór gorm é an spéir atá sínithe thart ar an domhan. Ach tá sin contráilte. Níl áit amháin ann ar féidir an 'spéir' a thabhairt uirthi.

I bhfírinne, tá brat ollmhór aeir thart ar an domhan s'againne. An t-atmaisféar an t-ainm atá ar an bhrat seo. Tugann an t-atmaisféar aer dúinn le hanálú agus stopann sé barraíocht teasa ag teacht isteach ón ghrian. Thig le spásairí amharc ar ais ar an domhan leis an atmaisféar a fheiceáil. Tá sé cosúil le ceo gorm.

Nuair a amharcann tú suas sa spéir, tá tú i bhfírinne ag amharc amach sa spás tríd na mílte aeir a dhéanann an t-atmaisféar s'againne.



### Ceisteanna

1. Cad é a shíleann a lán daoine faoin spéir?
2. Cad é atá thart ar an domhan s'againne?
3. Cad é an t-ainm ceart atá ar an bhrat atá thart ar an domhan?
4. Cad é a thugann an t-atmaisféar dúinn?
5. Cad é an chuma atá ar an atmaisféar agus tú ag amharc ar an domhan ón spás?
6. Cén sórt focail é *spéir*?

ainmfhocal      aidiacht      briathar      réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Tá lá deas ann inniu, tá an ghrian ag soilsiú agus tá an spéir grom.*

8. Tá meancóg foncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg foncaíochta.

*Níl scamall sa spéir inniu*

## Obair Bhaile 21

### An Simpeansaí

Tugaimid ‘simp’ mar leasainm ar an simpeansaí. Tá an simp iontach cosúil le duine.


Is ainmí cairdiúil é an simpeansaí. Tá lámha agus cosa atá iontach láidir acu. Cuidíonn sé leo luascadh ó na craobhacha ar chrainn. Itheann siad a lán torthaí agus is breá leo bananaí. Thig le simp lánfhásta suas le 40 banana a ithe in aon lá amháin!

Iompraíonn an mháthair an babaí fá choinne thart fá cúig mhí. Ina dhiaidh sin, foghlaimíonn an simp óg an dóigh le siúl leis féin. Ach, go fóill, fanann sé cóngarach dá mháthair go dtí go bhfuil sé thart fá 5 bliana d’aois.

Caitheann simpeansaithe a lán ama ag cíoradh agus ag glanadh gruaig na simpeansaithe eile, ag úsáid na liopaí, na méara agus na fiacla s’acu. Faigheann siad réitithe de dhusta agus mionbheithígh. Léiríonn sé seo cairdeas.

Is minic a phógann simpeansaithe a chéile nuair a bhuaileann siad le chéile. Pógann siad nó cuimlíonn siad sróna le chéile nó gáireann siad le chéile. Léiríonn sé sin gur cairde iad chomh maith.

Is ainmí cliste é an simp. Úsáideann siad uirlisí agus tá siad ábalta cleasanna agus teanga comharthaí a fhoghlaim go fiú.



### Ceisteanna

1. Cad é thugaimid ar an simpeansaí mar leasainm?
2. Cén sórt bia a itheann an simp?
3. Cá fhad a fhanann an simp lena mháthair?
4. Cén dóigh a mbíonn simpeansaithe ag glanadh agus ag cíoradh gruaig na simpeansaithe eile?
5. Cad chuige a mbíonn simpeansaithe ag cíoradh gruaig simpeansaithe eile?
6. Cén dóigh eile a léiríonn simpeansaithe cairdeas dá chéile?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.


*Itheann an simp thart fá 40 bananana gach lá.*

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

*Tá an simpeansaí iontach cosúil leis an Duine.*

## Obair Bhaile 22


### An Ghealach



Ní athraíonn an ghealach a cruth ach tá an chuma uirthi go n-athraíonn!

Tá cruth liathróide ar an ghealach ach tá sí iontach dorcha, níl solas dá cuid féin aici. Ach tá an ghrian cóngarach di agus tá sí iontach geal ar fad. Soilsíonn an ghrian ar an ghealach, a fheidhmíonn mar scáthán, agus caitheann sí an solas ar ais nó amach. Níl a leithéid de rud mar sholas na gealaí ann, níl ann ach solas na gréine ag preabadh den ghealach.

In amanna, bímid ábalta cuid mhór den ghealach a fheiceáil. In amanna eile, ní fheicimid ach beagán de. Is é is cúis leis sin ná go dtéann an ghealach thart ar an domhan achan 28 lá. Feicimid codanna difriúla den ghealach de réir mar a théann sé thart ar an domhan. Nuair a bhíonn gealach lán ann, tá an chuid tosaigh den ghealach os ár gcomhair. Tá sí cosúil le ciorcal mór sa spéir. Ach nuair a bhíonn gealach dhearcach ann, ní fheicimid ach píosa beag di. Tá an ghealach ann go fóill, ach tá sí i ndorchadas, níl an ghrian ag soirsiú uirthi.



### Ceisteanna

1. An n-athraíonn an ghealach a cruth?
2. Cén cruth atá ar an ghealach?
3. An bhfuil solas dá cuid féin ag an ghealach?
4. Cá mhéad lá a ghlacann sé don ghealach dul thart ar an domhan?
5. An mbíonn an ghealach sa spéir i gcónaí?
6. Cén sórt focail é *gealach*?

ainmfhocal      aidiacht      briathar      réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Níl solas dá cuid féin ag an ghaelach.*

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.


*Feicimid codanna difriúla den ghealach de réir mar a théann sé thart ar an domhan.*



## Obair Bhaile 23

### Úlla Breá Deasa

Tá Micí an-bheag  
Is tá Séimí an-mhór  
Is tá úlla breá deasa ar an chrann;  
Arsa Micí beag le Séimí,  
“Beimid ocrach ar scoil,  
agus ní ceart na húlla deasa a fhágáil ann.”  
Chuaigh Micí beag in airde  
Fuair sé cuidiú ó Shéimí Mór;  
Ach bhí máthair Mhicí Bhig taobh thiar den chrann  
Fuair sí bata athair Mhicí  
Thug an bheirt acu isteach  
Is chloisfeá iad ag béiceadh thíos sa ghleann.  
Tá Micí an-chiúin.  
Tá Séimí an-chiúin,  
Is ní dhéanann siad aon gháire ná aon ghreann;  
Tá an bheirt ar scoil arís,  
Is ní féidir leo suí síos –  
Is tá úlla breá deasa ar an chrann.



### Ceisteanna

1. Cé atá beag?
2. Cé atá mór?
3. Cé a bhí taobh thiar den chrann?
4. Cad é a bhí ag máthair Mhicí?
5. Cá bhfuil na gasúir ag deireadh an dáin?
6. An bhfuair na gasúir úlla?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Tá Micí agus Séimí ar scul anois.*

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

*“Níor cheart dúinn na húlla a fhágáil ann” arsa Micí.*

## Obair Bhaile 24

### An Chuach

Níl duine ar bith ann in Éirinn nár chuala an chuach ag pointe éigin ina shaol. Is fusa go mór í a chloisteáil ná í a fheiceáil. Éan mór liathghorm atá ann. Bíonn brollach geall uirthi agus stríocaí dubha ann. Dath buí a bhíonn ar a gob agus ar a cosa.

Ní bhíonn an chuach anseo i rith na bliana uilig. Caitheann sí an geimhreadh i dtír eile. Tagann sí go hÉirinn i mí Aibreáin agus, as sin go mí Lúnasa, bíonn a “Cú! Cú!” le cloisteáil ar na crainn agus sna páirceanna. Imíonn sí ó dheas ansin arís.

Éan falsa atá ann. Ní dhéanann sí nead riamh. Beireann sí a cuid uibheacha i neadacha éan eile. Deirtear go mbeireann sí suas le fiche ubh. I nead an ghealbhain nó na glasóige a bheireann sí a huibheacha den chuid is mó. Déanann an ghlásóg nó an gealbhan gor ar na huibheacha.

Nuair a thagann an chuach óg as an ubh, tugann an t-éan mór bia di. Fásann sí go gasta agus ní fada go mbíonn sí níos mó ná an t-éinín a bhíonn a chothú.

Rógaire ceart is ea í fosta, agus is fuath leis na héiníní eile í a bheith sa nead leo. In amanna, caitheann an chuach na huibheacha eile amach as an nead sa dóigh is go mbeidh níos mó bia aici féin.

Ag deireadh an tsamhraidh, imíonn na sean-chuacha leo ach fanann na cuacha óga anseo tamall eile. Ansin, imíonn siadsan leo fosta chun an geimhreadh a chaitheamh i dtír the.



### Ceisteanna

1. Ar chuala tú cuach riamh?
2. An bhfaca tú cuach riamh?
3. Cén dath atá ar an chuach?
4. Cá háit a mbeireann an chuach a huibheacha?
5. Cad é a dhéanann an chuach óg do na huibheacha eile sa nead in amanna?
6. Cad é a dhéanann na cuacha ag deireadh an tsamhraidh?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

*Caitheann an chuach an geimhriú i dtír eile.*

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

*Níl duine ar bith in éirínn nár chuala an chuach.*



## Léitheoireacht / Reading

Lá / Dáta Day / Date	Leabhar Book	Leathanaigh Pages	Inisileacha Initials
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			

An Luan/Monday  
An Chéadaoin/Wednesday

An Mháirt/Tuesday  
An Déardaoin / Thursday